

Bunscoileanna – ceannaireacht agus bainistiú**RÉIMSE 4: CUMAS CEANNAIREACHTA A FHORBAIRT**

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH	RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH
Critíc a dhéanamh ar a gcleachtas féin mar cheannairí agus a dtuiscint a fhorbairt ar an gceannaireacht éifeachtach inbhuanaithe	Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil córais teicneolaíochta i bhfeidhm chun tacú leis na cleachtais oideolaíochta dhigiteacha laistigh den scoil. Ceistíonn siad a gcleachtas féin maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha trí phróisis mhachnaimh phearsanta agus sainaitníonn siad réimsí dá gcleachtas ar gá feabhas a chur orthu.	Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil machnamh agus measúnú grinn ar na cleachtais oideolaíochta dhigiteacha laistigh den scoil, agus déanann siad na cleachtais sin a fhorbairt go gníomhach. Forbraíonn siad féinfheasacht trína gcleachtas féin a cheistiú maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha trí mhachnamh pearsanta agus comhoibríoch. Aithníonn siad réimsí dá gcleachtas inar gá feabhas a dhéanamh agus bíonn siad ag obair orthu sin.
Baill foirne a chumasú chun ról ceannaireachta a ghlacadh agus a dhéanamh	Spreagann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun ról ceannaireachta a ghlacadh agus chun úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a stiúradh don fhoghlaím, don teagasc agus don mheasúnú, agus bítear sásta freagrachtaí móra ceannaireachta a roinnt. Forbraíonn siad struchtúir eagraíochtúla chun comhroinnt na gcleachtas agus meantóireacht piaraí a éascú agus a spreagadh in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaím, don teagasc agus don mheasúnú. Aithníonn siad deiseanna don fhoireann chun rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas chun cumas digiteach agus úsáid nuálach a neartú agus páirt a ghlacadh sa taighde, agus tacaíonn siad leis na deiseanna sin.	Spreagann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil obair foirne i ngach gné de shaol na scoile. Cruthaíonn agus spreagann siad grúpaí foirne agus meithleacha i measc na mball foirne chun forbairtí a stiúradh in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaím, don teagasc agus don mheasúnú, rud a neartaíonn an cumas ceannaireachta. Déanann siad clár meantóireachta éifeachtach a sholáthar agus a bhainistiú chun tacú le múinteoirí i ról nua agus chun cumas ceannaireachta na meantóirí a fhorbairt in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaím, don teagasc agus don mheasúnú. Aithníonn siad deiseanna don fhoireann chun cleachtais nuálacha a chomhroinnt agus páirt a ghlacadh i dtaighde ag a bhfuil tionchar gníomhach ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaím, don teagasc agus don mheasúnú agus tacaíonn siad leis na deiseanna sin.
Forbairt ghuth na ndaltaí agus na ceannaireachta i measc daltaí a chur chun cinn agus a éascú	Bíonn meas ag an bpríomhoide agus ag ceannairí eile sa scoil ar thuairimí na ndaltaí agus tacaíonn siad le rannpháirtíocht na ndaltaí sa chaoi ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú lena bhfoghlaím.	Bíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil ag súil go mbíonn daltaí ag gníomhú mar fhoghlaimeoirí féinstiúrtha agus spreagann siad iad chun é sin a dhéanamh. Meastar gur comhdhearthóirí iad na daltaí den phróiseas foghlama, ag baint leas as réimse teicneolaíochtaí digiteacha.
Líonraí gairmiúla a chruthú le ceannairí scoileanna eile	Bíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil ag gabháil d'idirphlé gairmiúil lena gcomhghleacaithe agus le comhlachtaí náisiúnta ábhartha maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaím, don teagasc agus don mheasúnú. Déanann siad iarracht an méid a fhoghlaimíonn siad a chur i bhfeidhm ina gcleachtas.	Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil rannpháirtíocht le líonraí gairmiúla do cheannairí agus do bhainisteoirí scoile go háitiúil agus go hidirnáisiúnta a fhorbairt agus a shíneadh go gníomhach. Leabaíonn siad foghlaim ó na líonraí sin i gcleachtais foghlama, teagasc agus measúnaithe ar fud na scoile.